**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar ceiste seo iomlán a thabhairt ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo ⇒**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

## SCRÚDÚ NA h-ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

**DÉ CÉADAOIN, 19 MEITHEAMH 2002, MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

**(400 Marc)**

Freagair **sé** cheist as Roinn A agus **ceithre** cheist as Roinn B. Tabharfar creidiúint chuí do fhreagraí soiléire, beachta agus do chur i láthair eagraithe an ábhair.

### ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna a chuirtear ar fáil.

### ROINN B (300 marc)

**Ceithre** cheist le freagairt.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**NÁ DÉAN DEARMAD AN PÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEANN TÚ AGUS TÚ AG FREAGAIRT ROINN B.**

# ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra, sna spásanna a chuirtear ar fáil.

**1.** Sainmnínigh **forbairt eacnamaíochta**. Luaigh **DHÁ** pholasaí a d'fhéadfadh rialtais sna tíortha is lú forbairt (LDCs) a úsáid chun forbairt eacnamaíochta a chur chun cinn.

**Sainmhíniú:** ____________________

____________________

Polasaí 1: ____________________

Polasaí 2: ____________________

**(16 marc)**

**2.** Breacrianaigh **CEITHRE** chéim atá i gceist agus **Innéacs Ilchodach Praghsanna** (*Composite Price Index*) á ríomh.

Céim 1: ____________________

Céim 2: ____________________

Céim 3: ____________________

Céim 4: ____________________

**(16 marc)**

**3.** Sainmhínigh **So-aistritheacht Gairme Lucht Oibre**. Breacrianaigh **DHÁ** thoisc a théann i bhfeidhm uirthi.

**Sainmhíniú:** ____________________

____________________

Toisc 1: ____________________

Toisc 2: ____________________

**(16 marc)**

**4.** Breacrianaigh **TRÍ** bhunsmaoineamh mhóra de chuid John Maynard Keynes a chuidigh go maith le smaointeoracht lucht eacnamaíochta.

(i) ____________________

(ii) ____________________

(iii) ____________________

**(16 marc)**

**5**. Breacrianaigh **DHÁ** bhuntáiste do thomhaltóirí a bhaineann le **hiomaíocht neamhphraghas**.

(i) ____________________

(ii) ____________________

**(16 marc)**

**6.** Déan idirdhealú idir **sheachaint cánach** agus **imghabháil cánach**.

**(17 marc)**

**7.** **(a)** Scríobh síos **Dlí an Toradh Laghdaitheach Teorannaigh**.

Léiríonn an tábla thíos Dlí an Toradh Laghdaitheach Teorannaigh.

| Líon daoine fostaithe | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| Aschur iomlán (aonaid) | 12 | 27 | 47 | 63 | 73 |
| Aschur teorannach (aonaid) | 12 | | | | |

**(b)** Comhlánaigh an tábla thuas agus luaigh an pointe taréis a dtosaíonn an toradh laghdaitheach ag teacht i bhfeidhm.

**(17 marc)**

**8.** Bunaithe ar an tábla thíos, ríomh **(i)** agus **(ii)**, agus bíodh do chuid oibríochtaí go léir le feiceáil.

| Tréimhse | Ioncam Náisiúnta | Caitheamh | Infheistíocht | Onnmhairí | Allmhairí |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | €4,200 | €3,750 | €400 | €600 | €550 |
| 2 | €4,600 | €4,050 | €500 | €700 | €650 |

**(i)** Claonadh Imeallach chun Tomhaltais.

**(ii)** Méid an Iolraitheora.

**(17 marc)**

**9.** Mínigh cén fáth a meastar gur slat tomhais níos fearr é an Olltáirgeacht Náisiúnta (GNP) ná an Olltáirgeacht Intíre (GDP), agus iad araon ar phraghas an mhargaidh, chun an meánchostas maireachtála in Éirinn a mheas.

**(17 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN PÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGAIRLEABHA(I)R A ÚSÁIDEANN TÚ AGUS TÚ AG FREAGAIRT ROINN B.**

# ROINN B (300 Marc)

**Ceithre** cheist le freagairt.
Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**1.** (a) Breacrianaigh na tuiscintí is bun le teoiric na hIomaíochta Foirfe.

(20 marc)

(b) (i) Mínigh, le cúnamh léaráide lipéadaithe, cén chaoi a mbaineann gnólacht in Iomaíocht Fhoirfe cothromaíocht amach **sa ghearrthéarma**.

(ii) Díorthaigh agus mínigh cuar an tsoláthair ghearrthéarmaigh ag an ngnólacht seo.

(20 marc)

(c) Pléigh, le cúnamh léaráidí lipéadaithe, an éifeacht a bheadh ag iontráil gnólachtaí nua ar chothromaíocht ghearrthéarmach ghnólachtaí atá ann faoi láthair, i margaí iomaíochta foirfe, agus brabúis osnormálta á dtuilleamh acu. (20 marc)

(d) Ní bhíonn aon chlaonadh ag gnólachtaí in iomaíocht fhoirfe dul i mbun fógraíochta.
Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis a bhfuil sé sin amhlaidh. (15 marc)

**[75marc]**

**2.** (a) (i) Tarraing cuar gearrthéarmach meánchostais agus cuar gearrthéarmach costais imeallaigh.

(ii) Mínigh na gaolta atá idir chruthanna na gcuar seo. (20 marc)

(b) Glactar leis go ginearálta go gclaonann an cuar fadtéarmach meánchostais síos i dtús báire mar gheall ar **bharainneachtaí scála** agus ina dhiaidh sin go gclaonann sé suas mar gheall ar **dhíbharainneachtaí scála**. Is féidir leis na barainneachtaí agus na díbharainneachtaí seo a bheith inmheánach agus seachtrach araon.

(i) Sainmnínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

(ii) Déan idirdhealú idir barainneachtaí scála inmheánacha agus seachtracha, agus **DHÁ** shampla á lua agat i **ngach** cás mar aon le míniú ar an gcaoi a dtagann siad chun cinn.

(30 marc)

(c) Pléigh na costais shóisialta **agus** na sochair shóisialta a d’fhéadfadh a bheith ann de thoradh na mbóithre nua atá á dtógáil ar fud na hÉireann.

(25 marc)

**[75 marc]**

**3**. (a) Sainmhínigh: (i) Leaisteachas Ioncam an Éilimh.
(ii) Trasleaisteachas an Éilimh.

(15 marc)

(b) (i) "Bíonn leaisteachas ioncam an éilimh dearfach de ghnáth, ach bíonn sé diúltach uaireanta." Mínigh an ráiteas seo, agus samplaí á lua agat.

(ii) Caitheann tomhaltóir 40% dá ioncam ar earra áirithe. Nuair a dhúblaítear ioncam an tomhaltóra (gan athrú ar aon rud eile), ní chaitear ach 30% den ioncam ar an earra seo. Luaigh pé acu an earra normálta nó earra lagmheasa an t-earra seo agus tabhair míniú ar do fhreagra. (20 marc)

(c) Cén ceann de na figiúirí thíos a shamhlódh duine mar léiriú ar:

(i) Leaisteachas **<u>Ioncam</u>** an Éilimh ar phrátaí;
(ii) Leaisteachas **<u>Ioncam</u>** an Éilimh ar éadaí dearthóirí faisin;
(iii) **<u>Praghas</u>**leaisteachas an Éilimh ar shuíocháin aerlíne.

**-2.8, -0.1, + 2.5**

Mínigh **gach** ceann de na roghanna agat. (30 marc)

(d) Is é **+1.8** an leaisteachas ioncam an éilimh atá ar earra agus díoltar 20,000 aonad i mBliain 1. Má táthar ag súil go n-ardóidh ioncam na dtomhaltóirí 5% i mBliain 2, déan an leibhéal díolachán a bhfuil súil leis a ríomh. Taispeáin do chuid oibríochtaí.

(10 marc)

**[75 marc]**

**4.** (a) Sainmhínigh: (i) Caipiteal
(ii) Éifeachtacht Imeallach Caipitil
(iii) Infheistíocht

(20 marc)

(b) (i) Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis a gceaptar go bhfuil infheistíocht tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.

(ii) Luaigh agus mínigh **CEITHRE** thoisc a théann i bhfeidhm ar leibhéal na h-infheistíochta i ngeilleagar na hÉireann **<u>i láthair na huaire</u>**.

(30 marc)

(c) D'aithin J. M. Keynes trí chúis (spreagadh) chun airgead a choinneáil.
Mínigh na **trí** chúis agus breaclínigh tionchar tábhachtach **amháin** a théann i bhfeidhm ar gach ceann acu. (25 marc)

**[75 marc]**

**5.** (a) (i) Mínigh cén chaoi ar féidir le bainc creidmheas a chruthú.

(ii) Luaigh agus mínigh **TRÍ** theorainn leis an méid creidmheasa is féidir le bainc a chruthú.

(30 marc)

(b) Mínigh cén chaoi a rachadh méadú in úsáid airgid plaisteach (cártaí creidmheasa, ⁊rl.) ag custaiméirí i bhfeidhm ar chumas na mbanc chun creidmheas a chruthú.

(15 marc)

(c) Is é smachtú an **bhoilscithe** príomhaidhm **pholasaí airgeadais** Bhanc Ceannais na hEorpa.

(i) Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

(ii) D'ísligh Banc Ceannais na hEorpa rátaí úis i 2001. Pléigh iarmhairtí an laghdaithe seo ar rátaí úis ar gheilleagar na hÉireann.

(30 marc)

**[75 marc]**

**6.** (a) (i) Scríobh síos Dlí an Bhuntáiste Comparáidigh.

(ii) Luaigh agus mínigh na tuiscintí is bun leis an dlí seo.

(30 marc)

(b) Léiríonn an tábla thíos Dlí an Bhuntáiste Comparáidigh.

| **Tír** | **Tráchtearra** (*Táirgíocht an duine in aghaidh na h-uaire)* | |
|---|---|---|
| | **Bia** | **Innealra** |
| **Tír X** | 5 thonna | 10 n-aonad |
| **Tír Y** | 20 tonna | 30 aonad |
| **Táirgíocht Iomlán** | 25 tonna | 40 aonad |

(i) Bain úsáid as an sampla thuas chun an buntáiste a bhainfeadh an **dá** thír as trádáil idirnáisiúnta a léiriú.

(ii) Ríomh na téarmaí trádála don **dá** thráchtearra.

(20 marc)

(c) Geilleagar bheag oscailte is ea Éire agus braitheann sí go mór ar thrádáil idirnáisiúnta. Pléigh na tosca a théann i bhfeidhm ar chumas iomaíochta ghnólachtaí atá suite in Éirinn agus iad ag tógáil páirt i dtrádáil idirnáisiúnta.

(25 marc)

**[75 marc]**

**7**. (a) Breaclínigh, agus figiúirí cuí á n-úsáid agat, an chaoi inar fheidhmigh geilleagar na hÉireann le dhá mhí dhéag anuas **i ngach ceann ar leith** de na réimsí seo:

(i) boilsciú praghsanna
(ii) an fiachas náisiúnta
(iii) fás eacnamaíochta
(iv) fostaíocht.

(20 marc)

(b) Breaclínigh na hiarmhairtí eacnamaíochta dearfacha **agus** diúltacha a éiríonn as Barrachas Buiséid Reatha.

(25 marc)

(c) (i) Breaclínigh, agus samplaí á lua agat, **DHÁ** chúis a bhfuil comhlachtaí leathstáit Éireannaigh ag dul i ngleic le breis iomaíochta de réir a chéile.

(ii) Pléigh buntáiste **AMHÁIN** agus míbhuntáiste **AMHÁIN** a leanann ón iomaíocht seo do:

- Thomhaltóirí
- Fhostaithe i ngnólachtaí leathstáit.

(30 marc)

**[75 marc]**

**8.** (a) (i) Ainmnigh an **DÁ** phríomhfhoinse as a dtógtar figiúirí maidir le dífhostaíocht i ngeilleagar na hÉireann.

(ii) Luaigh, agus cúiseanna agat, cén ceann díobh seo a thugann an tomhas is cruinne ar dhífhostaíocht in Éirinn.

(20 marc)

(b) (i) Sainmhínigh **lánfhostaíocht**.
(ii) Breaclínigh na príomh-iarmhairtí eacnamaíochta a leanann as leibhéal an-ard fostaíochta i ngeilleagar na hÉireann.

(30 marc)

(c) Sa bhliain 2001 thosaigh cur chun donais ag goilliúint ar gheilleagar na hÉireann i leibhéal gníomhaíochta eacnamaíochta. Pléigh na cúiseanna a bhain leis an moilliú seo i ngeilleagar na hÉireann.

(25 marc)

**[75 marc]**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN PÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGAIRLEABHA(I)R A ÚSÁIDEANN TÚ AGUS TÚ AG FREAGAIRT ROINN B.**